**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chultúr agus um Oideachas*

**2020/2244(INI)**

26.1.2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

maidir leis an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch: An Fhostaíocht agus Gnéithe Sóisialta i Straitéis Bhliantúil Fáis Inbhuanaithe 2021
(2020/2244(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Sabine Verheyen (*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á mheabhrú gur infheistíocht é an t-oideachas inár dtodhchaí chomhchoiteann: bíonn dea-thionchar aige ar an gcomhtháthú sóisialta, ar réamhchoinníoll é don fhás eacnamaíoch, do chruthú post agus don fhostaíocht; ag cur béim ar ról an oideachais agus an chultúir i bhforbairt phearsanta agus i smaointeoireacht chriticiúil saoránach, i soghluaisteacht shóisialta, i gcur chun cinn na cruthaitheachta agus na nuálaíochta, agus i múscailt feasachta maidir le mórdhúshláin chomhchoiteanna amhail an t-athrú aeráide, an claochlú digiteach agus teicneolaíochtaí a mbeidh athrú paraidíme mar thoradh orthu; ag meabhrú an chuspóra feabhas leanúnach a chur ar bheartais oideachais, oiliúna agus scileanna AE agus na mBallstát chun oideachas inrochtana, cuimsitheach agus ar ardchaighdeán, foghlaim chuimsitheach feadh an tsaoil, agus oiliúint a chur ar fáil do chách agus scileanna agus athoiliúint a uasghrádú, go háirithe i gcás daoine a bhfuil leibhéil oideachais nó infhostaitheachta níos ísle acu agus daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEET) agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach; ag tacú leis an ngá atá ann ullmhú don tionchar a bheidh ag an dul chun cinn teicneolaíochta ar mhargadh an tsaothair agus ar an bpobal amach anseo, lena n-áirítear uathoibriú, an intleacht shaorga agus róbataic, agus an tionchar a bheidh aige ar an ngnáthshaol agus ar an gcaidreamh pearsanta agus comhchoiteann atá againn le heolas, le foghlaim agus le faisnéis; á mheabhrú, i ndáil leis sin, a ábhartha atá sé scileanna litearthachta sna meáin a shealbhú d’fhonn an bhréagaisnéis a chomhrac agus saoránacht dhigiteach ghníomhach a fhorbairt;

2. á chur i bhfáth gur gá Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach; á iarraidh go ndéanfadh Ballstáit na Ráthaíochta don Aos Óg an Ráthaíocht i dtaobh Leanaí a ghlacadh gan mhoill agus a chur chun feidhme go díograiseach, agus go mbainfí amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe maidir le hoideachas ar ardchaighdeán, ionas go mbeidh sé d’acmhainn ag gach duine rochtain a fháil ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá cuimsitheach agus ar ardchaighdeán ionas go mbeidh gach duine in ann a bheith iomlán rannpháirteach sa tsochaí agus a bheith i margadh an tsaothair; ag tathant ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta a chur i láthair gan mhoill maidir le cur chun fheidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus táscairí a scórchláir shóisialta a bheachtú a thuilleadh, chomh maith lena bhfaireachán;

3. á chur i bhfáth gur gá do na Ballstáit aitheantas frithpháirteach agus iniomparthacht scileanna, dioplómaí agus cáilíochtaí pearsanta sa mhargadh inmheánach saothair a mhéadú, rud a chuirfidh le Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt a chuirfidh feabhas ar shoghluaisteacht lucht saothair agus a fheabhsóidh iomaíochas idirnáisiúnta gheilleagar AE;

4. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart do thacaíocht airgeadais AE do théarnamh iar-COVID-19, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, gach iarracht a dhéanamh chun poist a cailleadh a chur ar fáil arís agus fás eacnamaíoch a athbhunú ar bhealach atá cuimsitheach agus chun leasa gach duine go cothrom, agus gur cheart di aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáistí struchtúracha agus socheacnamaíocha, lena n-

áirítear fágáil na scoile go luath agus teip sa scoil; á mheabhrú go bhfuil dlúthnasc idir scolaíocht leanúnach agus rochtain ar na córais cosanta sóisialta lena gcuirtear riachtanais bhunúsacha ar fáil do leanaí agus dá dteaghlaigh, lena n-áirítear cothú agus cúram sláinte ar ardchaighdeán; á chur i bhfáth nach féidir aistriú glas agus digiteach na hEorpa a bhaint amach gan claochlú de réir a chéile ar na córais oideachais agus oiliúna, a mbeadh gá le hinfheistíocht mhór ina leith agus béim shonrach ar an bhfíoras nár cheart go bhfágfar aon duine ar lár; á chur i bhfios gur gá foghlaim ó ghéarchéim COVID-19 trí na dea-chleachtais atá in úsáid i dtíortha áirithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear piarfhoghlaim agus uirlisí digiteacha a úsáid san oideachas;

5. á chur in iúl gur cúis bhuartha di tionchar phaindéim COVID-19 ar an oideachas ós rud é go bhfuil neamhréitigh shuntasacha ann idir na Ballstáit, agus gan rochtain ar bith ag 32 % de dhaltaí i mBallstáit áirithe ar oideachas ar feadh roinnt míonna ar roinnt cúiseanna, idir chúiseanna struchtúracha agus chúiseanna ábharacha; á chur in iúl gur chúis bhuartha di nach féidir le mic léinn ollscoile agus mic léinn atá i mbun gairmoiliúna agus oiliúint oideachasúil a ngnáthchuraclaim a leanúint, rud a dhéanfaidh difear dá rochtain ar mhargadh an tsaothair, a bhfuil bac uirthi cheana féin, cé go raibh 26.3 % de dhaoine óga idir 16 agus 29 bliana d’aois i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta in AE cheana féin in 2018 dar le Eurostat[1]; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh aistriú glas agus digiteach in AE bunaithe ar chothroime sa tsochaí, agus gur cheart go dtabharfadh sé aghaidh ar réimsí amhail fostaíocht, scileanna agus oideachas, agus go gcuirfeadh sé tacaíocht ar fáil dóibh siúd is mó atá ag fulaingt de bharr phaindéim COVID-19, amhail daoine óga, mná, daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair, daoine scothaosta agus grúpaí leochaileacha eile; á chur i bhfáth go bhfuil ról ag oideachas sláinte agus cosc leighis bunúsach a mhúineadh i scoileanna maidir le héifeachtaí ráigeanna paindéime a mhaolú agus cosc a chur ar agus ullmhú i gcomhair éigeandálaí sláinte amach anseo;

6. á iarraidh ar na Ballstáit a leithdháiltí d’olltáirgeacht intíre le haghaidh oideachais a mhéadú agus infheistíochtaí uailmhianacha do gach leibhéal oideachais a áireamh ina bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear infheistíochtaí don ghairmoiliúint, d’uasoiliúint agus d’athoiliúint, mar choinníoll do théarnamh eacnamaíoch a chothaíonn comhtháthú sóisialta agus a theánn i ngleic le héagothromaíochtaí;

7. á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear comhpháirteanna sa Seimeastar Eorpach a thagraíonn do ghníomhaíochtaí sonracha in earnálacha an oideachais, an chultúir, an spóirt agus na meán den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar thuarascálacha ar dhul chun cinn na mBallstát maidir le cur chun feidhme na bPleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta laistigh de chleachtadh an tSeimeastair Eorpaigh d’fhonn a fhíorú a mhéid a bhfuil cuspóirí an Phlean Téarnaimh agus Réitigh bainte amach;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-oideachas a chomhtháthú níos fearr i gcreat an tSeimeastair Eorpaigh agus an fócas atá aige faoi láthair a leathnú chun cuspóirí sóisialta, oideachas digiteach agus caighdeán an oideachais a chuirtear ar fáil a áireamh, chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar athchóirithe na gcóras oideachais agus

[1] https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Young_people_-_social_inclusion

chun seiceálacha leanúnacha a dhéanamh ar chur chun feidhme phleananna gníomhaíochta, chláir oibre agus spriocanna téarnaimh AE ar fud an Aontais;

9. ag tathant ar na Ballstáit Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a fhorbairt ina gcuirfear ar a laghad 25 % ar leataobh d'infheistíochtaí sóisialta, agus tús áite a thabhairt, go háirithe sna moltaí tírshonracha, d'infheistíochtaí spriocdhírithe i mbonneagar digiteach agus i dtrealamh d'fhorais oideachais agus d'fhoghlaimeoirí chun rochtain chothrom a chumasú ar chianfhoghlaim agus ar fhoghlaim ar líne do leanaí, do mhic léinn agus do dhaoine óga faoi mhíchumas, agus do dhaoine ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ó cheantair iargúlta agus thuaithe agus dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ós rud é gur cheart go mbeadh deis ag gach leanbh agus gach duine óg rochtain a bheith acu ar an oideachas;

10. á thabhairt dá haire go bhfuil paindéim COVID-19 tar éis luí go trom ar earnálacha agus tionscadail na cruthaitheachta agus an chultúir, lena n-áirítear imeachtaí agus taibhléirithe, turasóireacht chultúrtha, cleachtais oidhreachta cultúrtha dholáimhsithe, agus ag tabhairt dá haire go mbaineann bagairt eiseach leis do shlua mór ealaíontóirí agus gnólachtaí cruthaitheachta; á chur in iúl gur oth léi nár léiríodh an tionchar ar an gcultúr sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2020 maidir le straitéis bhliantúil AE maidir le fás inbhuanaithe 2021 (COM(2020)0575) agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tionscnaimh shonracha a shainaithint agus a ghlacadh chun an earnáil a chosaint; á iarraidh, go sonrach, ar na Ballstáit béim láidir ar an gcultúr a áireamh ina mbuiséid náisiúnta a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ina leithdháilfear 2 % ar a laghad ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, ós rud é go bhfuil an earnáil iomlán ar na hearnálacha is measa atá buailte sa mheántéarma, agus gurbh fhéidir gurb í an earnáil is mó a raibh éifeacht ag paindéim COVID-19 uirthi; ag spreagadh na mBallstát dlús a chur le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar a gcórais cosanta sóisialta agus ar na dálaí oibre don lucht oibre san earnáil sin;

11. á iarraidh ar na Ballstáit an moladh ón bParlaimint chun tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí san oideachas agus san oiliúint a chomhtháthú trí 10 % ar a laghad dá mbuiséid náisiúnta a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a leithdháileadh ar an earnáil chun go bhféadfaidh siad dul in oiriúint do na dúshláin nua arna nginiúint ag an bpaindéim agus d'aistriú digiteach cothrom agus glas;

12. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit úsáid a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun na coinníollacha is gá a bhunú chun rochtain ar an oideachas digiteach measctha a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh, chun go bhféadfaidh sé a bheith ina uirlis chomhlántach don oideachas duine le duine agus chun go mbeidh na córais oideachais níos cuimsithí, agus béim ar leith ar rochtain chothrom ar oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste mar chúiteamh ar an bhfíoras go bhfuil cúlra socheacnamaíoch ar cheann de na príomhchinntithigh i ndáil le toradh oideachais páistí agus daoine óga faoi láthair; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil méadú mór tagtha ar an sciar de dhaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna agus ag iarraidh cistiú spriocdhírithe chun deiseanna nua a chur ar fáil don ghrúpa leochaileach sin; á mheabhrú gurb é an aidhm atá ag an gClár Oibre Eorpach do Scileanna Nua ná an bhearna scileanna a laghdú go suntasach, agus an fíoras go bhfuil easpa scileanna bunúsacha digiteacha ag 42 % d'Eorpaigh á chur san áireamh, agus saoránacht ghníomhach dhigiteach a cheadú ar an gcaoi sin; ag tathant ar

an gCoimisiún an t-oideachas digiteach a chomhtháthú níos fearr sa Seimeastar Eorpach; á chur i bhfios, thairis sin, gur gá aghaidh a thabhairt ar an mbearna shuntasach idir na hinscní i scileanna digiteacha agus i bpoist in earnáil na teicneolaíochta;

13. á iarraidh an na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a mbonneagar digiteach, a nascacht, agus na modhanna oideachais a úsáidtear ina scoileanna, a n-ollscoileanna agus a lárionaid foghlama a threisiú agus chun dlús a chur le hathchóirithe chun an claochlú digiteach a chur chun feidhme, agus ar an gcaoi sin a áirithiú gur féidir le gach Eorpach tairbhiú, agus iarracht ar leith a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil an t-oideachas ar líne inrochtana do gach duine; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, gur gá oiliúint leordhóthanach a chur ar mhúinteoirí, ar oiliúnóirí agus ar thuismitheoirí, a bhfuil ról ríthábhachtach acu go léir sa chlaochlú digiteach, go háirithe maidir le formáidí nua amhail cianfhoghlaim agus foghlaim chumaisc; á chur i bhfios gur gá measúnú críochnúil a dhéanamh ar an tionchar atá ag an ró-nochtadh ar an domhan digiteach agus á iarraidh go ndéanfaí bearta chun tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar na rioscaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ar rioscaí iad a d'fheádfadh tionchar a imirt ar leanaí agus ar dhaoine óga ach go háirithe; á chur i bhfáth nach bhfuil sé i gceist go mbeadh rochtain ar an oideachas digiteach agus ar an oideachas ar líne mar ionadaí go fadtéarmach, ach go gcomhlánófaí an idirghníomhaíocht dhíreach idir múinteoirí agus foghlaimeoirí leis, ós rud é gur trí fhoghlaim duine le duine, agus tríd sin amháin, ar féidir a áirithiú go bhfoghlaimítear scileanna idirphearsanta agus sóisialta;

14. ag tathant ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit is sia ar gcúl maidir le bonneagar digiteach agus nascacht a bhunú, trí chomhairliúcháin bhreise le saineolaithe a chur ar fáil;

15. á chur in iúl gur geal léi go dtacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leis an gclaochlú digiteach le híosleibhéal de 20 % den chaiteachas bainteach le cúrsaí digiteacha, agus á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, gur gá a áirithiú gur féidir leis an líon is mó saoránach AE tairbhe a bhaint as nascacht na sochaí gigighiotáin, lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta; á chur i bhfáth gur cheart leathanbhanda a mheas mar earra poiblí agus gur cheart an bonneagar a bhaineann leis a chistiú go leordhóthanach chun go mbeidh sé inrochtana ar bhonn uilíoch mar chéim fhíorthábhachtach i laghdú na bearna digití agus chun rochtain chóir ar an ngeilleagar digiteach a áirithiú;

16. ag tabhairt dá haire gur gá tacaíocht shonrach a thabhairt d'earnáil na meán, ar earnáil í a bhfuil ról lárnach aici sa daonlathas, ar bhealach lena n-urramaítear agus lena gcuirtear saoirse agus iolracht sna meáin chun cinn tráth a bhfuil méadú ag teacht ar cheannasacht méid beag imreoirí móra sa timpeallacht ar líne, a bhfuil méadú ag teacht ar a gcumhacht mhargaidh agus ar a mbunús cánach iniompartha, rud a chuireann bac ar chuideachtaí nua teacht ar an bhfód agus ar chuideachtaí eile uas-scálú ar fud an mhargaidh aonair, mar a tugadh chun suntais i dteachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis bhliantúil 2021 AE don fhás inbhuanaithe; ag tarraingt aird na mBallstát ar na bearta sonracha arna leagan amach i bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir leis na Meáin, a nochtadh an 3 Nollaig 2020 chun cuidiú leis na hearnálacha craoltóireachta, foilsitheoireachta nuachta agus pictiúrlainne téarnamh ó chaillteanais mhóra in ioncaim fógraíochta mar gheall ar an dianghlasáil a forchuireadh mar gheall ar an bpaindéim

agus chun dlús a chur lena dtáirgeadh agus lena ndáileadh ábhair dhigitigh; á mheas gur cheart go mbeadh na bearta sin mar chuid de 20 % de chaiteachas íosta gach Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta atá curtha ar leataobh don earnáil dhigiteach;

17. á iarraidh ar na Ballstáit téarnamh agus athléimneacht géarchéime earnáil an spóirt i gcoitinne a neartú, go háirithe maidir le spórt an phobail, agus a áirithiú go mbeidh rochtain iomlán ag an spórt ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; ag cur béim ar an bhfíoras go gcomhlíonann an spórt feidhmeanna tábhachtacha sochaíocha, trí chuimsiú, lánpháirtíocht agus luachanna amhail meas frithpháirteach, dlúthpháirtíocht, éagsúlacht agus comhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, a chur chun cinn, agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé tairbhiúil maidir le haghaidh a thabhairt ar an tionchar fisiciúil agus meabhrach a bhíonn ag an ngaibhniú sa bhaile agus ag dúnadh na scoileanna agus maidir leis na tionchair sin a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis sin, cuimsiú a neartú tríd an spórt agus féachaint ar bhealaí nua chun raon a thionchair a uasmhéadú;

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 26.1.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 0<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Isabella Adinolfi, Andrea Bocskor, Gilbert Collard, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Alexis Georgoulis, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Victor Negrescu, Marcos Ros Sempere, Domènec Ruiz Devesa, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Salima Yenbou, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Ibán García Del Blanco, Marcel Kolaja, Radka Maxová, Diana Riba i Giner |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| ID | Gilbert Collard |
| NI | Isabella Adinolfi |
| PPE | Asim Ademov, Andrea Bocskor, Tomasz Frankowski, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| Renew | Laurence Farreng, Irena Joveva, Radka Maxová |
| S&D | Ibán García Del Blanco, Hannes Heide, Petra Kammerevert, Victor Negrescu, Marcos Ros Sempere, Domènec Ruiz Devesa, Massimiliano Smeriglio |
| The Left | Alexis Georgoulis, Niyazi Kizilyürek |
| Verts/ALE | Marcel Kolaja, Diana Riba i Giner, Salima Yenbou |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ECR | Elżbieta Kruk, Dace Melbārde, Andrey Slabakov |
| ID | Gianantonio Da Re |